


An Aoine – Dóchas



POBAIL INA MBÍONN ...

CREIDEAMH
FOGHLAIM
GRÁ
TEACHT ANIAR
DÓCHAS



An Aoine – Dóchas

29 Eanáir 2021

Réamhrá

In aitheasc a thug sé mar gheall ar an dóchas Críostaí, thug an Pápa Proinsias comhairle chuimsitheach dúinn faoi bheith lán den dóchas. 'Is cuma cén ról a bhronnadh ort, bíodh dóchas agat,' ar sé. 'Bíodh creideamh agat san fhírinne uasal álainn, agus bíodh muinín agat i nDia, go dtreoróidh sé muid trí ghrásta an Spioraid Naoimh i dtreo na maitheasa, isteach i mbaclainn ghrámhar Chríost.' Ní hiad muintir an chreidimh amháin a bhíonn dóchasach. Bíonn daoine eile lán de dhóchas chomh maith. 'Leanann an saol ar aghaidh a bhúí do na físithe a chruthaigh na deiseanna, a thóg na droichid, an creideamh ceart iontu faoin aisling a chonaic siad, fiú nuair a bhí an mhuintir thart timpeall orthu ag caitheamh anuas orthu agus ag fonóid fúthu.'


(Tuairisc ó: <https://www.ncronline.org/news/vatican/how-have-hope-pope-francis-gives-point-point-guide>)

Eochairfhocail:

Dóchas, dóchasúlacht, soirbhíochas, fí, dúshlán,
misneach, díograis, sairse, freastal, pobal.

Gníomhaíochtaí:

1. Éist leis an amhrán 'Hope' le Yvonne Lyon agus freagair na ceisteanna thíos.



(Clúdach an albaim le caoinhead Yvonne Lyon)

Amhrán: https://youtu.be/U_5nYS1eNRo



Liricí: Sa smionagar/San fhothrach/Sa bhriseadh/Sa scaradh
An t-ualach/An caoineadh/An sracadh/An gortú inár gcroí.
Tá an dóchas ag éirí ionam/Ní scaoilfidh an dóchas a ghreim go deo
Béarfaidh an dóchas leis abhaile mé/Dóchas: an misneach a bheith agam tosú as an nua.
San fhaoiseamh /In am tráth/San análú/Sa sólás/
An easpa/An casadh/An cneasú/Na rianta inár gcroí istigh.
(Le caoinhead Yvonne Lyon)

Conas mar a réitíonn an cumadóir, i do thuairim féin, deacrachtaí agus dúshláin an tsaoil le meon an dóchais?

Conas mar a dhéanann an cumadóir, i do thuairim féin, a thabhairt le fios go bhféadfadh an misneach a bheith mar chuid thábhachtach an dóchais?

2. Éist leis an amhrán 'Living Hope' le Phil Wickham agus freagair na ceistanna thíos.

Amhrán: <https://youtu.be/u-1fwZtKJSM>

Liricí: <https://genius.com/Phil-wickham-living-hope-lyrics>

Conas mar a thagann an scríbhneoir ar an dóchas i lár an chreidimh reiligiúnaigh?

Conas mar a réitíonn an scríbhneoir smaoineamh an dóchais leis an tsaoirse phearsanta?



Conas mar a d'fhéadfadh lucht an chreidimh, an dóchas agus an tsaoirse phearsanta atá iontu a úsáid le freastal ar an bpobal leathan lena mbaineann siad?

Machnamh an Lae:

Scriptúr: 'Is foighní m'anam ag feitheamh leis an Tiarna, tá muinín ag m'anam as.... (Salm 130:5).

Machnamh: Beireann an dóchas go leor rudaí maithe leis: dóchasúlacht, dearfach, díograis, misneach, teacht aniar, spreagadh. Tíolacadh a bhronnann go leanúnach is ea é. Is féidir linne an tíolacadh seo a bhronnadh ar dhaoine eile i measc an phobail, nó inár ngréasán sóisialta, le cabhrú leo déileáil leis an saol deacair seo. Ní éasca an rud é a leithéid a dhéanamh, ach is féidir linn an dóchas a shaothrú, a chothú, guí ar a shon, é a scaipeadh, é a léiriú inár saol tríd an mbealach ina mbímid le daoine eile. Lóchrann leis an tslí a lasadh atá ann, an fuinneamh atá de dhíth orainn leanúint ar aghaidh, córas iompair dúinn ar an mbealach, tearmann síochána lenár spiorad a bheochan. Ní lorgáíonn an dóchas aisíoc ar bith. Dúirt an file Emily Dickinson faoin dóchas nár lorg sé rud ar bith uaithe riamh, fiú in am an uafáis.

Tá Powerpoint ar fáil don mhachnamh/urnaí





Leathanach Saothair Bhreise – Téama an Dóchais

Tabhair freagairt phearsanta ar na ráitis seo maidir leis an Dóchas.

‘B’fhéidir nach mbeidh sócúl an tsaoil agat, agus nach mbeidh ar do chumas fadhbanna an domhain a réiteach ar an toirt, ach ná bíodh amhras ar bith ort maidir leis an luach sainiúil atá ionat. Feictear ón stair dúinn gur rud tógalach é an dóchas, agus is minic go mbíonn a bheatha féin aige.’ – **Michelle Obama**

‘Luíonn an dóchas san fhís, sa tsamhláíocht, sa mhisneach a bhaineann leosan ar mhaith leo an fhís a chur i gcrích.’

– **Jonas Salk**

‘Ach an dream a bhfuil a súil leis an Tiarna, tagann neart úr iontu, éiríonn siad ar eítí mar a bheadh iolair. Ritheann siad gan a bheith cortha, siúlann siad rompu gan tuirse a theacht orthu.’ – **Íseáia 40:31**



‘Glacaimis leis an teip teoranta, ach ná caillimis an dóchas síoraí.’ - **Martin Luther King Jr**

‘Bíodh an Dóchas, in ionad na heagla, le sonrú sna cinntí a dhéanann tú.’ - **Nelson Mandela**

‘Tá muintín ag m’anam as an Tiarna; ar a bhriathar atá mo sheasamh.’ - **Salm 130:5**
